# Fuinneamh **sa Bhaile**

**Bí ar do shuaimhneas le Dochar Díreach**
**Fócas ar Shábháilteacht**
**Buaigh saoire chun na hAfraice Theas**

Meitheamh/Iúil 2007



ESB CS BINS 0012

**Bain taitneamh as scoth an tsaoire ar íos-ráta €124 in aghaidh an duine ag comhroinnt!**

ESB Customer Supply

www.esb.ie/home

# Slí eile chun a bheith ar do **shuaimhneas** le Dochar Díreach

Sa mhéid is go n-íocann tú do bhille leictreachais trí Dhochar Díreach, ba mhaith linn anois seans eisiatach a thairiscint duit: an seans chun taitneamh a bhaint as saoire fhantaiseach ar fad in aon cheann de 300 óstán* a trí nó a cheithre réalt ar fud na hÉireann.


* Tá na hóstáin ar fad deá-mheasta ag Fáilte Ireland nó ag Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann.

**Le Saoire an Dhochair Dhírigh tig leat féin agus cara fásta leat saoire ar dóigh, ar a n-áirítear dhá oíche Leaba is Bricfeasta agus dinnéar tráthnóna amháin, a bheith agaibh in aon cheann de na hóstáin atá páirteach ar ráta chomh híseal le €124 in aghaidh an duine ag comhroinnt!**

SÍ D'UIMHIR SHAINIÚIL SHAOIRE DHOCHAIR DHÍRIGH NÁ:

## Sin é an tslí a ngabhann muid buíochas leat


Tá an ráta seo sainiúil duitse mar chustaiméir Sholáthar Custaiméara BSL agus tá sé á thairiscint duitse lena chur i gcuimhne duit a éasca a d'fhéadfadh an saol a bheith le Dochar Direach – cén fáth mar sin nach bpiocfá an áit is fearr a fheileann duit agus saol na bhfaol a bheith agat? Tá sé ag dul duit!




Taispeántar ar an léarscáil seo roinnt de na hionaid atá ar fáil ar fud na tíre; is féidir mionsonraí breise a fháil faoina bhfuil ar fáil ar www.**direct**debit**breaks**.com

# Mar is féidir leat breith **ar an tairiscint seo**

Tá dhá bhealach a dtig leat an tairiscint Shaoire Dhochair Dhírigh eisiataigh seo a chur in áirithe.



**Ceachtar acu:**

1 Téigh go www.**direct**debit**breaks**.com agus roghnaigh an dáta gur mhaith leat taisteal. Ansin is féidir leat an láthair is fearr leat ón liosta iostas atá ar fáil a roghnú. Ní mór duit an uimhir Shaoire Dhochair Dhírigh atá ar taispeáint thall a bheith agat. Bíodh d'uimhir chuntais Sholáthar Custaiméara BSL faoi do láimh freisin, más é do thoil é.

**Nó:**



2 Glaoigh ar **0818 300 1900** agus luaigh d'uimhir Shaoire Dhochair Dhírigh thall. Bíodh d'uimhir chuntais Sholáthar Custaiméara BSL faoi do láimh freisin, más é do thoil é. Níl ort ach inseacht dúinn an dáta gur mhaith leat taisteal agus cuirfidh muide ar an eolas tú faoin iostas atá ar fáil agus óna bhféadfaidh tú do rogha a dhéanamh.

**Féachfaidh muide i ndiaidh gach rud nuair a dhéanfaidh tú teagbháil linn**

**Téarmaí agus coinníollacha** **1**. Níl tairiscint an tSaoire Dhochair Dhírigh ar fáil ach amháin do chustaiméirí Dhochair Dhírigh Sholáthar Custaiméara BSL. **2**. Tá an tairiscint ar fáil ón 1ú Meitheamh 2007 go dtí an 16ú Meán Fómhair 2007. **3**. Tá an tairiscint seo faoi réir ag áit a bheith ar fáil sna hóstáin atá páirteach ag an am a mbeifí á gcur in áirithe agus ní féidir feidhm a bhaint aisti i gcomhar le haon tairiscint eile. **4**. Níl deireadh seachtainí Saoirte Bainc agus tréimhsí ócáidí speisialta san áireamh (sé sin mura luaitear iad ar www.**direct**debit**breaks**.com). **5**. Tá na téarmaí iomlána agus na coinníollacha ar fáil ar www.**direct**debit**breaks**.com.

# Fócas ar **shábháilteacht**, taobh istigh…



Teastaíonn uainn go mbainfeá úsáid shábháilte as leictreachas in do bhaile agus sa gháirdín.

Caith do shúil ar a bhfuil d'eolas i dtaobh na sábháilteachta ar ár suíomh gréasáin **www.esb.ie/safetyathome** chomh maith lenár seicliosta sábháilteachta ag **www.esb.ie/safetycheck**. Bhéarfaidh sé seo tuairisc phriontáilte duit, ag leagan béime ar cé chomh cosanta is atá do theach dáiríre – agus an áit a bhéadfaí cúrsaí d'fheabhsú.

Seo roinnt leideanna tábhachtacha le meabhrú anois faoi láthair:

- Ná deisigh fleisc fhabhtach nó damáistithe ar fhearais; faigh cinn nua ina n-áit.
- Seachain a bheith ag úsáid oiriúnóirí cumhachta ilchodacha; úsáid boird ilshoicéid fiúsáilte ina n-áit nó níos fearr fós, cuir istech breis soicéad.
- Ná tarraing fleisceanna trasna barr an tsoirn chócaireachta ná trasna an doirtil.

# …agus taobh amuigh



## Taobh amuigh den teach, féach chuige go leanann tú bunrialacha sábháilteachta:

- Ná húsáid fearais leictreacha sa mbáisteach ná in aimsir fhliuch.
- Fan glan ar an gcábla agus féach chuige go mbíonn an fleics ar do chúl i gcónaí.
- Coinnigh fleicseanna glan go maith ar lanna lomairí faiche, fálbhearrthóirí agus sábhanna leictreach.
- Díghreamaigh gach fearas leictreach sula nglanann tú na lanna.
- Ná fág fearais leictreacha riamh gan aire agus iad ceangailte den chumacht, go háirithe agus páistí thart.

Níl anseo ach sampla beag de na bealaí éagsúla gur féidir leat do theach cónaithe agus do ghairdín a dhéanamh níos sábháilte. Tá tuilleadh eolais le fáil a **www.esb.ie/safetyathome**

# Fócasaigh ar shábháilteacht agus **buaigh**!



Chun béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le sábháilteacht sa bhaile, táimid ag tairiscint seans duit turas a bhuachan go dtí ceann de na hionaid is breátha radharc ar domhan: An Afraic Theas.

Le cúnamh Fujifilm – an branda de cheamara digiteach a bhfuil tosaíocht aige in Éirinn – táimid ag tairiscint coicís saoire ar fiú €8,500 é do bheirt. Agus gheobhfaidh gach duine de chúigear tánaisteach ceamara Fujifilm FinePix F30, an chéad cheamara ar domhan ag a bhfuil ISO 3200 aige agus a bhuaigh Gradam an Technical Image Press Association (TIPA) don Dlúth-Cheamara Digiteach is fearr san Eoraip 2006.




Le seans a bheith agat buachan, téigh go dtí **www.esb.ie/comp** é sin roimh an 31ú Lúnasa 2007, nó comhlánaigh an fhoirm seo agus seol ar ais í go dtí:
An Comórtas Sábháilteachta, Soláthar Custaiméara BSL,
Bosca Phoist 5305, Baile Átha Cliath 2.

Ainm ____________________

Seoladh ____________________

____________________

Teileafón ____________________

Ríomhphost ____________________

An bhfuil sé ceart fearais leictreacha a úsáid taobh amuigh in aimsir fhliuch?

Tá ☐ Níl ☐

Críochnaigh an abairt seo a leanas gan dul thar 12 focal:

Tá fócasú ar shábháilteacht ríthábhachtach mar ____________________

____________________

B'fhéidir go dteastódh ó Fujifilm teagbháil a dhéanamh leat le heolas faoina dtáirgí agus le tairiscintí sa todhchaí. Cuir tic sa bhosca seo más fearr leat nach ndéanfaí. ☐

Tá téarmaí agus coinníollacha i bhfeidm. Ní cheadaítear airgead mar mhalairt. Sé an 31ú Lúnasa 2007 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais. Tá liosta iomlán na dTéarmai agus na gCoinníollacha ar fáil ach iad a lorg i scríbhinn ó: An Comórtas Sábháilteachta, Soláthar Custaiméara BSL, Sráid Mhic Liam Íochtarach, Baile Átha Cliath 2.